Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14455/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0329(NLE)**

**TRANS 687**
**COWEB 143**
**ELARG 95**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobal Iompair a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar rialacha nós imeachta an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh, ar na Rialacháin Foirne, agus a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach rialacha nós imeachta an Choiste Idir-réitigh agus rialacha maidir le réiteach díospóidí do Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobal Iompair a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar rialacha nós imeachta an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh, ar na Rialacháin Foirne, agus a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach rialacha nós imeachta an Choiste Idir-réitigh agus rialacha maidir le réiteach díospóidí do Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (‘TCT’) i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle[1].

(2) Formheasadh TCT thar ceann an Aontais an 4 Márta 2019[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(3) Bunaíodh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach faoi TCT chun TCT a riar agus a chur chun feidhme mar is cuí.

(4) Foráiltear le hAirteagal 24(5) TCT go bhfuil an Coiste Stiúrtha Réigiúnach lena rialacha nós imeachta a ghlacadh. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 30 TCT go bhfuil sé chun rialacha Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair a leagan síos.

---

[1] Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle an 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 278, 27.10.2017, lch. 1).

[2] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

(5) Tá sé beartaithe go nglacfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach cinneadh lena leasaítear a rialacha nós imeachta, chun foráil a dhéanamh maidir le teorainn ama níos giorra chun an dréachtchlár oibre agus aon doiciméid ghaolmhara a dháileadh roimh chruinniú an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh, cinneadh lena nglactar rialacha nós imeachta an Choiste Idir-réitigh agus rialacha maidir le réiteach díospóidí is infheidhme maidir leis an mBuanrúnaíocht, chun díospóidí idir an Bhuanrúnaíocht agus comhaltaí dá foireann a rialú, agus cinneadh maidir leis na leasuithe ar Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair is gá de thoradh ar ghlacadh na rialacha sin.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach a bhunú i ndáil leis na cinntí sin a ghlacadh, óir tá na cinntí sin riachtanach do dhea-fheidhmiú na Buanrúnaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobal Iompair a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar a rialacha nós imeachta, ar rialacha nós imeachta an Choiste Idir-réitigh agus ar na rialacha maidir le réiteach díospóidí do Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, agus leis na leasuithe ar Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair, beidh sé bunaithe ar dhréachtchinntí an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Choiste Stiúrtha Réigiúnach toiliú le mionathruithe ar na dréachtchinntí sin gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*